# Cuntas Leithreasa 2024

# Vóta 26

# Oideachas

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Oideachais, ar sheirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €25.358 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gciorclán 20 de 2024, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as roinnt Caighdeáin Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGASanna) a tugadh in éifeacht ón 1 Eanáir 2024 i leith, seachas gnéithe de CGAS 17, mar atá leagtha amach sa mhír thíos.

***Aithint sócmhainní réadmhaoine***

Chun aistriú an chuntais leithreasa chuig Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir a éascú, fuair an Roinn maolú sealadach i leith CGAS 17 Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh.

Maidir le foirgnimh scoile atá faoi úinéireacht an Aire agus leis an talamh ar tógadh iad orthu, caitear iad mar dhiúscairtí sócmhainne nuair a aistrítear an rialú chuig an mBord Bainistíochta. Faoi CGAS 17, ba cheart iad a aithint mar shócmhainní de chuid an Vóta fós, bunaithe ar iad a bheith faoi úinéireacht an Aire. Rinne an Roinn caidreamh le Tailte Éireann chun teacht ar an gcur chuige cuí i leith na réadmhaoine sin atá faoi úinéireacht an Aire a luacháil de réir cheanglais CGAS 17.

Tá sé mar sprioc ag an Roinn CGAS 17 a chomhlíonadh go hiomlán laistigh de thrí bliana. Is é a bheidh i gceist leis sin ná cur chuige céimnithe i leith cur chun feidhme.

***Dímheas ar shócmhainní caipitil***

Déantar dímheas ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus le CGAS 31 faoi seach.

Is mar a leanas atá na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta a bhaineann le haicmí móra sócmhainní caipitil:

| *Aicme sócmhainne* | *Saolré úsáideach* | *Ráta dímheasa/amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | 5 | 20% |
| Bogearraí faighte/forbartha | 10 | 10% |
| Trealamh oifige agus TF | 5-10 | 10% - 20% |
| Foirgnimh | 50 | 2% |

## Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí.

Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

*An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte*

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar. Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

*An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta*

Soláthraíonn an Roinn seirbhís chomhroinnte don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta thar roinnt réimsí gnó agus corparáideacha. Cuireadh muirear barúlach i bhfeidhm faoi nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara chun úsáid na sócmhainní agus na costais is inchurtha i leith na seirbhíse comhroinnte a léiriú.

Tá na socruithe mionsonraithe lena rialaítear na seirbhísí comhroinnte sin faoi réir próiseas comhfhorbartha leanúnaí agus comhthaifeadta leanúnaigh. Áirítear leis sin meabhráin tuisceana atá i bhfeidhm faoi láthair idir an dá Roinn maidir le roinnt réimsí, lena n-áirítear: soláthar TFC agus seachadadh seirbhísí comhroinnte don earnáil threasach; pleanáil chaipitil; airgeadas agus rialachas gníomhaireachtaí; soláthar; fóin phóca; cosaint leanaí; saoráil faisnéise agus cosaint sonraí; bainistíocht taifead; sláinte agus sábháilteacht; párollaí; agus riarachán pinsean.

*An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais*

Is comhlacht faoi choimirce na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais é Tusla. Feidhmeanna faoi alt 10 den Acht Oideachais (Leas), 2000, arna gcomhlíonadh ag Tusla, agus riarachán an Chláir Críochnaithe Scoile agus na Scéime Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail, tá siad faoi shainchúram an Aire Oideachais le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. Tá socruithe na Roinne chun na seirbhísí sin a rialú leagtha amach san Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Leasú), 2013, agus i meabhrán tuisceana agus comhaontú riaracháin arna gcomhaontú idir an dá Roinn agus i gcomhaontú formhaoirseachta idir an Roinn Oideachais agus Óige agus Tusla.

*Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais*

Sa bhliain 2024, lean an Roinn de sheirbhísí comhroinnte a leathnú chuig an earnáil oideachais. Áiríodh leis sin tabhairt chun críche a dhéanamh ar leathnú na seirbhísí comhroinnte párolla chuig na boird oideachais agus oiliúna (BOOnna), agus an séú BOO déag, arbh é an BOO deiridh é, curtha leis an bpárolla comhroinnte i mí Feabhra 2024. Áiríodh leis sin freisin leanúint de sheirbhísí comhroinnte párolla a leathnú chuig institiúidí ardoideachais agus chuig seirbhísí comhroinnte airgeadais don earnáil BOO. Lean sí freisin d'fhiosrú a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh tuilleadh tionscnamh seirbhíse comhroinnte ar fud na hearnála oideachais agus d'athchóirithe leanúnacha soláthair a chur chun cinn trí obair an Bhoird um Chláir Soláthair Oideachais agus trí chaidreamh leis na heintitis mhaoinithe. Déanann Oifig Bainistíochta Clár formhaoirseacht ar thosaíochtaí i leith na hoibre ar na mórchláir seirbhísí comhroinnte agus TF agus socraíonn sí tosaíochtaí ina leith.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear na heilimintí seo a leanas leo sin.

- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Gníomhaíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus AE laistigh den Roinn mar Údarás Iniúchóireachta do Chiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn freisin. Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus tá pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Bíonn obair na feidhme iniúchóireachta bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a mbíonn an Roinn neamhchosanta orthu. Bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís sin freisin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanann an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bplean iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar moltaí atá ar áireamh i dtuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí a rianú chun gur féidir leis an lucht bainistíochta iad a chur chun feidhme.

Rannán laistigh den Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus AE is ea Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa agus tá sé neamhspleách ó thaobh feidhme de. Feidhmíonn sé le húdarás díreach an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gcomhréir le téarmaí I.R. Uimh. 681/2023 agus I.R. Uimh. 694/2023 agus i gcomhréir lena chairt scríofa féin. Tuairiscíonn sé don Choimisiún Eorpach maidir le seoladh a chláir iniúchóireachta maidir le ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh i dtaca le bainistíocht, rialú agus iniúchadh chistí Chiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn.

Ós rud é go bhfuil Ciste Sóisialta na hEorpa á bhainistiú ag aonad laistigh den Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais agus Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (Vóta 45), tuairiscíonn Aonad Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa do Choiste Iniúchóireachta na Roinne sin de réir a chairte.

***Soláthar***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Thug an Roinn mionsonraí faoi 27 gconradh neamhiomaíocha de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás 26 chonradh de bhreis ar €25,000 (gan CBL a áireamh) dar luach iomlán €8,950,581 (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.

- Fadaíodh 14 chonradh dar luach €7,619,521 ar chúiseanna leanúnachais gnó.
- Dámhadh ceithre chonradh dar luach €289,136 gan próiseas soláthair iomaíoch in imthosca ina raibh fáil an-teoranta ann ar sholáthraithe.
- Dámhadh cúig chonradh dar luach €254,496 tar éis próisis theoranta soláthair iomaíoch ach ba cheart próisis oscailte tairisceana a bheith seolta i gcás na gconarthaí uile sin

- Dámhadh dhá chonradh ab fhiú €98,879 le haghaidh tacaíocht TF agus tionscadal a bhí ag brath, de bhotún, ar chreat-chomhaontú neamhchomhlíontach.
- Conradh amháin a raibh caiteachas neamhchomhlíontach ab ionann agus €688,549 aige mar gheall ar chaiteachas a bheith níos mó ná luach measta an chonartha.

Cuireadh 16 cinn de na conarthaí thuas ar áireamh sa tuairisceán bliantúil faoi chiorclán 40/2002 dá dtagraítear thuas.

De na conarthaí sin:

- Tá naoi gconradh, dar luach €2,098,171, imithe in éag anois.
- Tá próiseas soláthair ar siúl i gcás seacht gconradh dar luach €3,583,142.
- Tá seacht gconradh dar luach €3,156,624 ag leanúint ar aghaidh, agus is ina leith sin atá socruithe tairisceana iomaíche á n-ullmhú nó atá na socruithe soláthair reatha le dul faoi athbhreithniú.
- Leanfaidh dhá chonradh dar luach €61,245 ar aghaidh go dtí a ndátaí éaga faoi seach.
- Is le haghaidh ceadúnas atá leabaithe sa chóras oideachais atá conradh amháin dar luach €51,399.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Roinn. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Cuireann ceann an aonaid ghnó a shéala nó a séala leis na rioscaí agus tugann an comhalta den Bhord Bainistíochta atá freagrach as an réimse gnó sin na rioscaí ar aird. Mionsonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus baintear úsáid as an gclár, i dteannta próisis eile, chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú nó a mhaolú.

Ina theannta sin, tá Coiste Riosca ag an Roinn, a chabhraíonn liomsa agus leis an mBord Bainistíochta ár bhfreagrachtaí bainistíochta riosca a chomhlíonadh. Tá roinnt feidhmeanna ag an gcoiste riosca, lena n-áirítear:

- beartas agus caighdeáin bainistíochta riosca a shainiú agus a chothabháil chun rioscaí corparáideacha a bhainistiú
- a chinntiú go ndéantar róil agus freagrachtaí as bainistíocht riosca a shainiú agus a chur in iúl go soiléir ar fud na Roinne
- athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí nua a bhfuil rátáil riosca meánach (ómra) nó ard (dearg) acu agus na maoluithe beartaithe
- tuarascálacha tréimhsiúla a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta ina ndéantar achoimre ar stádas an chláir bainistíochta riosca agus ina ndéantar aird a tharraingt ar mhór-réimsí riosca (más ann dóibh).

Leagtar amach i gcreat rialachais na Roinne na nósanna imeachta rialachais, na próisis rialachais agus na prionsabail rialachais atá mar bhonn agus thaca ag obair na Roinne. Athbhreithníodh an Creat Rialachais sa bhliain 2023 agus coinnítear é faoi athbhreithniú leanúnach.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn faireachán agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil. Sa bhliain 2022, coimisiúnaíodh athbhreithniú ar bheartas agus cleachtais bainistíochta riosca sa Roinn. Fuarthas an tuarascáil deiridh ar an athbhreithniú sin sa bhliain 2024, agus plean gníomhaíochta curtha chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí san athbhreithniú.

***Slándáil TFC***

Tá an Roinn tiomanta go láidir do shlándáil a córas TFC, agus d'fhorbair sí creat athraitheach ullmhachta cibearshlándála atá bunaithe ar chaighdeáin bhonnlíne an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC). Oibríonn an tAonad TFC i ndlúthchomhar freisin leis an bhFoireann Freagartha Náisiúnta do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí (CSIRT), a sholáthraíonn cúnamh maidir le rioscaí slándála a bhrath nó a leasú do chórais faisnéise agus ríomhaireachta na Roinne, dá maoin fhisiciúil agus do shócmhainní eile na Roinne agus maidir le gníomhú in aghaidh na rioscaí sin.

Faigheann rialuithe cibearshlándála na Roinne tacaíocht ó obair an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála agus na Foirne Freagartha Náisiúnta do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí, a sholáthraíonn luathrabhaidh, foláirimh, fógraí agus scaipeadh faisnéise faoi riosca agus faoi theagmhais. Comhlánaítear é sin le saineolas slándála breise a soláthraíonn roinnt eagraíochtaí slándála tríú páirtí é.

Sa bhliain 2023, bhunaigh an Roinn foireann thiomnaithe Slándála Faisnéise (InfoSec) atá comhdhéanta de bhaill foirne ón Roinn agus de chonraitheoirí seachtracha. Déanann an fhoireann sin bainistiú ar na gnáth-shaincheisteanna laethúla slándála trí chóras tiomnaithe bainistíochta cásanna, agus próisis slándála nua agus beartais slándála nua á n-athbhreithniú agus á gcur chun feidhme aici ag an am céanna.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

I dtuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí ar Aonad Pinsean na Roinne a foilsíodh i mí na Nollag 2024, sainaithníodh roinnt saincheisteanna rialaithe i ndáil le hullmhú teidlíochtaí aoisliúntais. Sainaithníodh roinnt earráidí (cúig ghanníocaíocht ab ionann agus €1,547 agus dhá ró-íocaíocht ab ionann agus €2,057). Tugadh aghaidh orthu sin le linn na bliana 2025. Aisíocadh gach ganníocaíocht a sainaithníodh, tá ró-íocaíocht amháin forchúitithe go hiomlán, agus tá plean aisíocaíochta i bhfeidhm don dara ró-íocaíocht.

Ghníomhaigh an Roinn de bhun na moltaí atá sa tuarascáil sin agus rinne sí athbhreithniú inmheánach ar phróisis sa réimse freisin. Tá pleananna i bhfeidhm cheana féin chun na laigí a tugadh chun solais sa tuarascáil a cheartú, ach tá an obair sin idir lámha fós mar gheall ar uainiú na tuarascála.

***Rialachas corparáideach san earnáil oideachais***

Tá na comhlachtaí stáit atá faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Óige á bhformhaoirsiú ag rannáin bheartais iomchuí laistigh den Roinn, a fhaigheann tacaíocht ó rannáin iomchuí eile ar fud na Roinne, lena n-áirítear Aonad Rialachais Earnála na Roinne.

Is ar gach bord agus ar chathaoirleach an bhoird i dtrácht ar an gcéad dul síos atá an fhreagracht as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh. Is gnách go mbíonn an caidreamh idir an Roinn agus gach ceann de na comhlachtaí atá faoina coimirce bunaithe orthu seo a leanas:

- bunús reachtach an chomhlachta, agus
- *An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gcomhar leis na hiarscríbhinní tacaíochta a ghabhann leis an gcód sin.

Le linn na bliana 2024, lean an Roinn de phróiseas athbhreithnithe fhoirmiúil a chur i bhfeidhm, mar atá an Tuairisceán Dearbhaithe Comhlíonta (CAR), chun cuidiú leis an Roinn a bheith cinnte faoin méid a chloíonn na comhlachtaí faoina coimirce atá laistigh dá raon feidhme le croí-chomhpháirteanna an Chóid Cleachtais. Leis an bpróiseas athbhreithnithe sin, tugadh dearbhú freisin faoin méid atá na comhlachtaí faoina coimirce ag comhlíonadh na gceanglas rialachais agus reachtúil a bhíonn ag athrú.

Úsáidtear an t-ábhar rialachais a bhailítear ón bpróiseas tuairisceán dearbhaithe chun a chur ar chumas na Roinne tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar chláir oibre chuí rialachais lena gcur i bhfeidhm sna blianta amach romhainn. Tá sé beartaithe go bhfanfaidh an tuairisceán dearbhaithe mar ghné den chlár oibre um fhormhaoirseacht rialachais sa bhliain 2025. Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag obair leis na comhlachtaí atá faoina coimirce chun a chinntiú, i gcás gur cuí, go gcomhlíontar na coinníollacha formhaoirseachta atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil comhaontuithe láidre soláthair feidhmíochta nó a gcoibhéis i bhfeidhm do gach comhlacht. De réir mar is cuí, oibríonn an Roinn leis na comhlachtaí atá faoina coimirce chun a chinntiú go ndearnadh comhaontú agus taifeadadh ar mhaoluithe am-theoranta nó maoluithe iomlána ar ghnéithe den Chód chun ceanglais “comhlíon nó mínigh” an chóid a chomhlíonadh.

I ndáil leis an earnáil bord oideachais agus oiliúna, tá cód cleachtais earnála i bhfeidhm atá ailínithe leis an gCód Cleachtais agus leis na creataí rialála sonracha de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Leanann an Roinn de leas a bhaint as ballraíocht d’Fhóram Rialachais do Sheirbhísigh Phoiblí agus do Státseirbhísigh. Is é an Foras Riaracháin a riarann an fóram, rud trína gcuirtear dea-rialachas chun cinn agus trína dtugtar comhairle thráthúil agus tacaíochtaí tráthúla faisnéise don Roinn chun an dea-rialachas a bhreisiú agus chun cabhrú le forbairt ghairmiúil leanúnach fhoireann na Roinne.

**Bernie McNally**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oideachais

22 Meán Fómhair 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 26 Oideachas
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 26 Oideachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 26 Oideachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Oideachais agus Óige agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh leibhéal ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha náisiúnta soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2024.

***Díscríobhanna párolla agus ró-íocaíochtaí***

Baineann Nóta 5.8 an chuntais leithreasa leis an bpárolla agus le ró-íocaíochtaí pinsin. Nochtar ann, gur sainaithníodh gurbh iad ró-íocaíochtaí ba chúis le suim aisghafa €8.4 milliún ag deireadh 2024, ar bhain €0.2 milliún di le daoine aonair básaithe. Ag deireadh na bliana, bhí socrúcháin aisíocaíochta i bhfeidhm leis an bhfoireann agus leis na pinsinéirí maidir le ró-íocaíochtaí ar luach €3 milliún, nó 36% den iarmhéid gan íoc. Ar leithligh, foilsítear i nóta 6.6 an chuntais leithreasa gur dhíscríobh an Roinn ró-íocaíochtaí párolla ar luach €495,000 in 2024.

***Íocaíochtaí deontais le scoileanna a rialú***

Déantar athbhreithniú i gCaibidil 11 mo *Thuarascála ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* 2024 ar chórais na Roinne chun íocaíochtaí deontais do scoileanna atá bunaithe ar líon na ndaoine a thuairiscítear ar an rolla a bhainistiú agus smacht a choinneáil orthu.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d’Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d’iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 26 Oideachas

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A Oideachas chéad leibhéil, oideachas dara leibhéal agus oideachas luathbhlianta | | | | |
| *Bunaidh* | 10,853,026 | | | |
| *Forlíontach* | 1,088,200 | | | |
| | | 11,941,226 | 11,907,788 | 10,808,822 |
| **Ollchaiteachas** | | **11,941,226** | **11,907,788** | **10,808,822** |
| *Lúide* | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| *Bunaidh* | 386,553 | | | |
| *Forlíontach* | 128,000 | | | |
| | | **514,553** | **506,473** | **408,779** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 10,466,473 | | | |
| *Forlíontach* | 960,200 | | | |
| | | **11,426,673** | **11,401,315** | **10,400,043** |

**Farasbarr**

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **25,357,528** | **70,232,968** |

**Bernie McNally**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oideachais

31 Márta 2025

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 11,744,534 | 10,669,804 |
| Pá | | 130,725 | 112,611 |
| Neamhphá | | 32,529 | 26,407 |
| **Ollchaiteachas** | | **11,907,788** | **10,808,822** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **506,473** | **408,779** |
| **Glanchaiteachas** | | **11,401,315** | **10,400,043** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (156,066) | | |
| Dímheas | 2,603 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (3,897) | | |
| Amúchadh | 516 | | |
| | | (156,844) | (254,077) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil** | | | |
| Méadú i réamhíocaíochtaí | (83,795) | | |
| Méadú in ioncam fabhraithe | (2,808) | | |
| Méadú i ró-íocaíochtaí le forchúiteamh | (309) | | |
| Laghdú in iasachtaí le forchúiteamh | 138 | | |
| Méadú i speansais fhabhraithe | 217,216 | | |
| | | 130,442 | 23,105 |
| **Caiteachas díreach** | | **11,374,913** | **10,169,071** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 31,224 | 29,285 |
| Measchíosanna | | 3,217 | 3,217 |
| **Glanchostas an chláir** | | **11,409,354** | **10,201,573** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara [a]

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 26 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 137 | 171 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 29,260 | 28,929 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,974 | 2,157 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 195 | 193 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 274 | 249 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 71 | 140 |
| An Príomh-Chiste – pinsin airí | | 261 | 260 |
| Costas cionroinnte na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vóta 45 | | (2,948) | (2,814) |
| | | **31,224** | **29,285** |

Nóta [a] Ní chuimsíonn na figiúirí um ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara figiúirí a bhaineann le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne nó le gníomhaireachtaí na Roinne. Sannadh an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara go díreach don Vóta agus, i gcás nár chuí é sin, rinneadh é a chionroinnt bunaithe ar leithdháileadh comhaontaithe costas idir Vóta 26 agus Vóta 45.

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 524,316 | 357,760 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 8,132 | 6,086 |
| | | **532,448** | **363,846** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 54,953 | 188,282 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 107,799 | 24,004 |
| Ró-íocaíochtaí le forchúiteamh | 5.8 | 8,133 | 7,824 |
| Costais iasachta le forchúiteamh | | 423 | 561 |
| Suimeanna atá dlite ó AE | | 11 | 10 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 5,578 | 2,770 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 147,370 | 564 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.9 | 5,678 | (6,725) |
| | | **329,945** | **217,290** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 321,284 | 104,068 |
| Airgead ó AE atá le dáileadh | | 1 | 8,508 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 208,011 | 173,623 |
| | | **529,296** | **286,199** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(199,351)** | **(68,909)** |
| **Glansócmhainní** | | **333,097** | **294,937** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.10 | **333,097** | **294,937** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Talamh | Foirgnimh | Troscán agus feistis,trealamh oifige agus TF | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 216,141 | — | 9,932 | 141,387 | 367,460 |
| Breiseanna | 15,066 | — | 42 | 140,958 | 156,066 |
| Sócmhainní a tugadh chun úsáide | — | 120,878 | — | (120,878) | — |
| Diúscairtí | — | — | (1,028) | — | (1,028) |
| Coigeartú [a, b] | — | — | 308 | 12,880 | 13,188 |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 231,207 | 120,878 | 9,254 | 174,347 | 535,686 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | — | — | 9,700 | — | 9,700 |
| Dímheas don bhliain | — | 2,418 | 185 | — | 2,603 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (1,028) | — | (1,028) |
| Coigeartú | — | — | 95 | — | 95 |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | — | 2,418 | 8,952 | — | 11,370 |
| **Glansócmhainní** | | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **231,207** | **118,460** | **302** | **174,347** | **524,316** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 216,141 | — | 232 | 141,387 | 357,760 |

Nóta

[a] Tagraítear leis an nglanchoigeartú €213,000 faoi throscán agus feistis agus faoi threalamh oifige agus TF do chúig shócmhainn TF a tuairiscíodh go mícheart mar shócmhainní doláimhsithe faoi nóta 2.2 i gcuntais leithreasa 2023.

[b] Baineann an coigeartú €12.88 milliún i sócmhainní atá á bhforbairt go príomha le tionscadal amháin a fágadh ar lár de bhotún ó chuntas leithreasa 2023 (€9.642 milliún). Baineann an t-iarmhéid €3.546 milliún le costais foirne deartha agus bainistíochta tionscadal ar thrí thionscadal (€1.621 milliún) agus le costais a tabhaíodh ar dhá thionscadal sular tháinig na láithreáin faoi úinéireacht an Aire (€1.643 milliún).

**Nóta Faisnéise Ginearálta**

Ní ann d'aon tailte ná foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá faoi rialú na Roinne Oideachais agus nach bhfuil luacháil acu, seachas aon cheann déag d'ionaid tacaíochta oideachais atá faoi úinéireacht an Aire. Tá sé beartaithe ag an Roinn caidreamh a dhéanamh le Tailte Éireann mar chuid de thionscadal cur chun feidhme CGAS 17 i gcoitinne chun cur chuige a chomhaontú i leith luacháil na n-ionad tacaíochta oideachais sin.

**1 Aistriú réadmhaoine scoile 2024**

Roimh an mbliain 2024, chaitheadh an Roinn le haistriú rialaithe sócmhainne chuig údarás scoile mar dhiúscairt chun críocha cuntasaíochta sa chuntas seo. Le héifeacht ón mbliain 2024 i leith agus go dtí go gcuirfear an t-aistriú chuig CGAS 17 i gcrích, is aistrithe ó shócmhainní atá á bhforbairt chuig foirgnimh atá tionscadail scoile ar thalamh atá faoi úinéireacht an Aire agus a cuireadh i gcrích le linn na bliana 2024. Tá mionsonraí faoi na tionscadail sin leagtha amach thíos.

| Ainm na scoile | Luacháil [a] €000 |
|---|---:|
| Pobalscoil na hAbhann Duibhe, Lios Mór, Co. Phort Láirge | 20,129 |
| Scoil Náisiúnta Naomh Peadar,Dún Búinne, Co. na Mí | 8,117 |
| Meánscoil Fhoghlaim le Chéile na Céime, Baile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18 (Céim 1) | 43,724 |
| Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Ardán Harcourt, Baile Átha Cliath 2 | 19,943 |
| Gaelscoil na Laochra, Biorra, Co. Uíbh Fhailí | 9,274 |
| Scoil Náisiúnta Fhoghlaim le Chéile Paradise Place,Sráid Dorset, Baile Átha Cliath 7 | 575 |
| Meánscoil Fhoghlaim le Chéile Thuaisceart Chill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin | 2,400 |
| Pobalscoil Rosmini, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9 | 22,858 |
| Bunscoil Foghlaim le Chéile an Rois & Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath (Céim 2) | 10,908 |
| | **137,928** |

Nóta [a] Tá an tsuim €137.928 milliún comhdhéanta de shuim €120.878 milliún arb é atá inti costais na dtionscadal scoile a aistríodh ó shócmhainní atá á bhforbairt sa bhliain 2024 agus de chostas na láithreán faoi úinéireacht an Aire ar tógadh na tionscadail sin orthu (€17.05 milliún). Fuarthas sé cinn de na láithreáin sin, a bhí ar chostas €14.075 milliún, roimh an mbliain 2024 agus léirítear iad san iarmhéid tosaigh €216.141 milliún faoin gcolún 'talamh' do réadmhaoin, gléasra agus trealamh. Maidir leis an dá láithreán eile, a bhí ar chostas €2.975 milliún, tá siad ar áireamh san fhigiúr breiseanna is ionann agus €15.066 milliún agus tá siad ar áireamh anois sa liosta thuas de scoileanna a tháinig chun úsáide sa bhliain 2024.

**2 Leibhéal na bunscoile**

Bhí 3,226 scoil náisiúnta i mbun feidhme an 31 Nollaig 2024. Scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór agus tá siad faoi úinéireacht an údaráis deoise lena mbaineann. Tá na heisceachtaí mar a leanas.

- Tá na láithreáin le haghaidh 56 scoil chéad leibhéil faoi úinéireacht an Aire Oideachais agus faoina rialú/faoina bainistiú.
- I gcás 239 scoil, tá na scoileanna ag oibriú ar láithreáin nó i bhfoirgnimh atá faoi úinéireacht na Roinne nó faoi léas ag an Roinn ach tá an scoil faoi rialú/faoi bhainistiú an Bhoird Bainistíochta.

**3 Leibhéal na hiar-bhunscoile**

Tá 722 iar-bhunscoil san iomlán ann sa tír. Níl 581 cheann de na scoileanna sin faoi úinéireacht an Aire. Maidir leis na scoileanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aire, tá siad comhdhéanta de 355 mheánscoil atá faoi rialú/faoi bhainistiú an Bhoird Bainistíochta agus de 226 iar-bhunscoil atá dílsithe go príomha do bhoird oideachais agus oiliúna faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Tá 141 iar-bhunscoil faoi úinéireacht an Aire. Tá siad sin comhdhéanta de 14 scoil chuimsitheacha, de 77 bpobalscoil, de 24 mheánscoil atá faoi rialú/faoi bhainistiú an Bhoird Bainistíochta agus de 26 iar-bhunscoil atá dílsithe do bhoird oideachais agus oiliúna faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Tá na láithreáin le haghaidh 30 scoil dara leibhéal faoi úinéireacht an Aire agus faoina rialú/faoina bainistiú.

**4 Eile**

Cinnfear in am trátha an úsáid oideachais atá beartaithe do sheacht láithreán breise atá faoi úinéireacht an Aire.

Tá an tAire ar dhuine de bheirt ráthóirí de chuid Middletown Centre for Autism (Holdings) Limited, is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, a choinníonn réadmhaoin i gCo. Ard Mhacha a úsáidtear le haghaidh Ionad Choillidh Chanannáin don Uathachas agus a bhfuil an réadmhaoin sin faoina húinéireacht. (Féach freisin nóta 2.13)

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí faighte agus forbartha | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 7,515 | 3,204 | 10,719 |
| Breiseanna | — | 3,897 | 3,897 |
| Sócmhainní a tugadh chun úsáide | 53 | (53) | — |
| Coigeartuithe [a b] | (1,388) | (552) | (1,940) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 6,180 | 6,496 | 12,676 |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 4,633 | — | 4,633 |
| Amúchadh don bhliain | 516 | — | 516 |
| Coigeartuithe [a] | (605) | — | (605) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 4,544 | — | 4,544 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **1,636** | **6,496** | **8,132** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 2,882 | 3,204 | 6,086 |

Nóta [a] Áirítear leis an nglanchoigeartú €783,000 faoi bhogearraí faighte/forbartha dhá thionscadal nár cheart iad a bheith curtha ar áireamh mar shócmhainní doláimhsithe (€474,000), ceithre mhír a aistríodh chuig PPE (€213,000) agus sócmhainn amháin ar ina leith a rinneadh athrú ar an meastachán cuntasaíochta (€96,000).

[b] Baineann an coigeartú €552,000 faoi shócmhainní atá á bhforbairt le costais foirne a bhaint de réir CGAS 31.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 42,796 | 186,910 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála | 12,154 | 1,369 |
| Mionairgead | 3 | 3 |
| | **54,953** | **188,282** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Réamhíocaíocht le Bus Éireann – iompar scoile | 62,664 | 17,751 |
| Réamhíocaíocht le Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 12,000 | 46 |
| Tacaíocht TFC agus conarthaí ceadúnúcháin | 2,784 | 1,869 |
| Réamh-mhaoiniú tionscadal tógála scoile | 18,265 | — |
| Cóiríocht shealadach scoile a fháil ar cíos | 5,276 | 1,842 |
| Cur chun feidhme seirbhísí comhroinnte | 1,313 | 910 |
| Conarthaí leathanbhanda scoile | 695 | 296 |
| Réamhíocaíocht le CNCM | 1,850 | — |
| Riarachán eile | 86 | 566 |
| Clár eile | 2,866 | 724 |
| | **107,799** | **24,004** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais | 19 | 19 |
| Deontas tuarastail scoile | 262 | 675 |
| Forchúitimh phleanála agus tógála | 4,019 | 2,068 |
| Forchúitimh deontas | 1,180 | — |
| Ilghnéitheach | 98 | 8 |
| | **5,578** | **2,770** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Fionraí párolla | 145,703 | — |
| Painéil fhótavoltacha | 970 | — |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 130 | 137 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 56 | 45 |
| An scéim pas taistil | 221 | 221 |
| Fionraí taistil agus cothaithe | 167 | — |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 66 | — |
| Forchúiteamh costas ó oifigí comhroinnte | 53 | 119 |
| Aistriú feidhmeanna | — | 38 |
| Íocaíochtaí anonn a bhaineann le haoisliúntas | 3 | 3 |
| Ilghnéitheach | 1 | 1 |
| | **147,370** | **564** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| An clár caipitil scoileanna | 20,434 | 83,646 |
| Muirir aonadacha CPP na scoileanna | 4,621 | 4,720 |
| Bus Éireann | 12,040 | 9,581 |
| Clár eile | 3,926 | 4,437 |
| Riarachán eile | 1,441 | 1,684 |
| Fabhrú párolla | 3,000 | — |
| Fabhrú pá saoire | 2,699 | — |
| Párollaí scoile: baill foirne teagaisc, baill foirne neamhtheagaisc agus baill foirne ar scor [a] | 273,123 | — |
| | **321,284** | **104,068** |

Nóta [a] Is ionann na híocaíochtaí seo agus suimeanna a íocadh i dtús mhí Eanáir 2025 agus a bhí dlite i leith na bliana féilire 2024 do mhúinteoirí scoile, do chúntóirí riachtanas speisialta agus do bhaill foirne scoile eile agus i leith aoisliúntas i ndáil le baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc ar scor a maoiníonn an Roinn a dtuarastail nó a bpinsin ar bhonn leanúnach.

## 2.8 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don stát** | | |
| Cáin ioncaim | 84,470 | 78,647 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 62,968 | 56,870 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 15,932 | 15,788 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 350 | 341 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 1,681 | 1,105 |
| Cáin bhreisluacha | 12,980 | 6,914 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 54 | 102 |
| | 178,435 | 159,767 |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 14 | — |
| An Clár Tógála Fuinnimh | 17,584 | 12,422 |
| Fionraí párolla | 11,652 | 1,051 |
| Ilghnéitheach | 302 | 383 |
| Fáltais bhreise státchiste | 24 | — |
| | **208,011** | **173,623** |

## 2.9 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 25,358 | 70,233 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (31,036) | (63,508) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **(5,678)** | **6,725** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 54,953 | 188,282 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 147,370 | 564 |
| Suimeanna atá dlite ó AE | 11 | 10 |
| | 202,334 | 188,856 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (178,435) | (159,766) |
| Airgead ó AE atá le dáileadh | (1) | (8,508) |
| Iarmhéideanna sochair eile | (29,576) | (13,857) |
| | (208,012) | (182,131) |
| | **(5,678)** | **6,725** |

## 2.10 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 294,937 | 492,054 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 11,426,673 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (25,358) | | |
| Glanvóta | | | 11,401,315 | 10,400,043 |
| Caiteachas a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 31,224 | 29,285 |
| Míreanna neamhairgid | | | | |
| Coigeartú réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 2.1 | 13,093 | | |
| Coigeartú sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | (1,335) | | |
| | | | 11,758 | (428,089) |
| Measchíos | 1 | | 3,217 | 3,217 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (11,409,354) | (10,201,573) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **333,097** | **294,937** |

## 2.11 Ceangaltais

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| ag an 31 Nollaig | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 11,258 | 19,237 |
| Cláir deontas neamhchaipitil [a] | — | 2,583,310 |
| Cláir deontas caipitil [a] | — | 35,500 |
| Tionscadail chaipitil [b] | 924,685 | 723,473 |
| Tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí | 885,331 | 957,259 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **1,821,274** | **4,318,779** |

Nóta

a Sa bhliain 2024, d'athbhreithnigh an Roinn a modheolaíocht le haghaidh ceangaltais clár deontas neamhchaipitil agus caipitil a ríomh. I mblianta roimhe, ríomhadh figiúr na gceangaltas ar bhonn an tsoláthair meastacháin don bhliain dár gcionn. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige sin, ag teacht sna sála ar threoir a eisíodh le haghaidh Chuntais Leithreasa 2024, tháinig an Roinn ar an gconclúid gurb amhlaidh, maidir le híocaíochtaí is dócha a dhéanfar sa bhliain féilire ina dhiaidh sin, nach ionann iad agus aon oibleagáid chonarthach iarbhír chun aon eagraíocht nó aon chomhlacht ar leith a íoc ag deireadh na bliana reatha.

b Is ionann tionscadail chaipitil agus tionscadail a ndéanann an Roinn í féin iad a bhainistiú agus a fhormhaoirsiú.

## b) Mórthionscadail chaipitil lena mbaineann caiteachas iomlán is ionann agus €20 milliún nó níos mó

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 | Caiteachas in 2024 | Ceangaltais maidir le tionscadail i mblianta ina dhiaidh | Caiteachas ionchais iomlán shaolré na dtionscadal 2024 | Caiteachas ionchais iomlán shaolré na dtionscadal 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (fo-mhírcheann A.15) [a,b,c] | 702,783 | 305,162 | 531,630 | 1,539,575 | 1,049,385 |

Nóta

[a] Tá miondealú ar an tábla thuas curtha i láthair in Aguisín A.

[b] Rinneadh ceangaltais chonarthacha maidir le tionscadail sa bhliain 2024 i gcás naoi scoil nua.

[c] Athshonraíodh an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 agus an caiteachas ionchais iomlán thar shaolré na dtionscadal sa bhliain 2023 mar gheall ar na nithe seo a leanas go príomha:

- tá naoi dtionscadal nua a ndearnadh ceangaltas conarthach ina leith sa bhliain 2024 agus caiteachas roimh an mbliain 2024 ar áireamh anois
- tá 55 thionscadal atá faoi bhun na tairsí €20 milliún anois curtha as an áireamh
- naoi dtionscadal a asbhaineadh sa bhliain 2024 toisc gur lú an ceangaltas amuigh iomlán ná €50,000
- • tar éis athbhreithniú ar an gcaiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023, athshonraíodh ceithre thionscadal a bhí ar siúl. Ba é glanéifeacht na gcoigeartuithe sin ná meadú €19,000 sa chaiteachas carnach ag an 31 Nollaig 2023.

### Íocaíochtaí aonadacha i ndáil le tionscadail comhpháirtíochta príobháidí poiblí

Go dtí seo, rinne an Roinn sé chonradh ar leith chun beartáin scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoin tsamhail comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí (CPP). Is é atá i gceist le CPPanna ná socruithe struchtúrtha idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le soláthar a dhéanamh ar thionscadail bhonneagair a sholáthrófaí ar shlí eile trí shásraí traidisiúnta soláthair, agus an caiteachas gaolmhar tógála le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm muirear aonadach míosúil thar 25 bliana, agus an chéad mhuirear aonadach iníoctha a luaithe atá an tógáil críochnaithe. De bhreis ar an tábla thíos, tugtar achoimre achomair ar gach tionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí in Aguisín B.

| Ainm an tionscadail comh-pháirtíochta príobháidí poiblí | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 | Caiteachas in 2024 | Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe le dlí atá le comhlíonadh i mblianta ina dhiaidh sin | Iomlán an tionscadail, 2024 | Iomlán an tionscadail, 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Cúig threoirscoil | 237,883 | 11,496 | 34,868 | 284,247 | 284,202 |
| An 1ú bheartán | 128,412 | 9,894 | 111,046 | 249,352 | 249,544 |
| An 2ú beartán | 162,055 | 13,322 | 164,784 | 340,161 | 340,614 |
| An 3ú beartán | 160,958 | 15,542 | 238,265 | 414,765 | 416,108 |
| An 4ú beartán | 67,040 | 7,777 | 137,570 | 212,387 | 213,205 |
| An 5ú beartán | 54,663 | 10,182 | 198,798 | 263,643 | 264,597 |
| | **811,011** | **68,213** | **885,331** | **1,764,555** | **1,768,270** |

Nóta [a] Baineann an caiteachas a léirítear ag deireadh na bliana 2024 le híocaíochtaí caipitil amháin. Tá an caiteachas sa tábla thuas ar áireamh sa toradh foriomlán de €66.818 milliún ar fho-mhírcheann A.16. Tá an caiteachas iomlán de réir fho-mhírcheann A.16 glan ar fhorchúiteamh muirear aonadach na bliana 2024 ab ionann agus €1.67 milliún ó Vóta 45 i ndáil leis an 5ú beartán. Áirítear leis an bhfo-mhírcheann seo íocaíochtaí áirithe deontais le scoileanna arna soláthar ag comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gur tháinig méadú/laghdú is mó ná €1,000,000 ón mbliain 2023 go dtí an bhliain 2024 ar an gcaiteachas iomlán réamh-mheasta.

*Innéacsú*

Déanann an Roinn íocaíochtaí míosúla muirir aonadaigh leis an gcuideachta comhpháirtíochta príobháidí poiblí lena mbaineann maidir le gach tionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí atá i mbun feidhme. Dhá ghné atá san íocaíocht muirir aonadaigh, mar atá gné an chostais sheasta agus gné inathraithe (innéacsaithe) a athraíonn ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Uile-mhíre Tomhaltóirí agus leis na hInnéacsanna Comhchuibhithe Praghsanna Tomhaltóirí. Sonraítear dáta athbhreithnithe innéacsaithe i ngach conradh. Tar éis an fachtóir innéacsaithe a chinneadh, ríomhtar an muirear aonadach bliantúil trí na luachanna seasta agus na luachanna inathraithe coigeartaithe a shuimiú.

*Beartán Scoileanna 3*

Is leis an athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le leasú iarmhartach ar ríomh na réamh-mheastachán a bhaineann an laghdú €1.343 milliún ar chostais ionchais iomlána tionscadal idir an bhliain 2023 agus an bhliain 2024.

**Caiteachas ar áitreabh sealadach scoile a fháil ar cíos**

Le linn na bliana 2024, áiríodh le caiteachas faoi fho-mhírcheann A.15 suimeanna arbh fhiú €42.885 milliún san iomlán iad maidir le foirgnimh shealadacha scoile a fháil ar cíos (2023: €42.902 milliún).

## 2.12 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | 302 | 17,155 |
| | **302** | **17,155** |

## 2.13 Dliteanais theagmhasacha

**Ionad Choillidh Chanannáin don Uathachas**

Faoi chomhaontú dar dáta an 16 Samhain 2007 idir Scéim Pinsean Rialtais Áitiúil na Roinne Oideachais do Thuaisceart Éireann agus an Roinn Oideachais, ráthaigh na Ranna go ndéanfadh siad íocaíocht iomlán as aon dliteanais phinsin de chuid Middletown Centre for Autism Ltd i gcás go scoirfeadh an tIonad de bheith ann nó nach mbeadh sé ábalta ar shlí eile a chuid dliteanas pinsin a urscaoileadh. Sa luacháil achtúireach is déanaí ar scéim pinsean an Ionaid (a rinneadh an 31 Márta 2023), aimsíodh go bhfuil an scéim i staid glansócmhainne.

**An clár leasúcháin scoileanna**

Tá an Roinn ag leanúint d’imeachtaí dlí a shaothrú i ndáil le lochtanna a aimsíodh i 40 scoil ar thóg Western Building Systems iad. Measúnaíodh go raibh obair leasúcháin de dhíth ar 40 scoil mar gheall ar lochtanna struchtúrtha a shainaithint.

Rinneadh obair leasúcháin ar na scoileanna, agus tá an Roinn ag leanúint den leasúchán riachtanach a thabhairt chun críche. D’íoc an Roinn as na hoibreacha leasúcháin. Tá forchúiteamh na gcostas leasúcháin don Státchiste faoi réir imeachtaí dlí atá ar siúl, mar atá leagtha amach thuas.

**Cásanna dlí**

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí a d’fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá suim agus uainiú iarbhír na ndliteanas a d’fhéadfadh a bheith ann.

## 2.14 Tionchar na n-athruithe i bpolasaithe cuntasaíochta sa bhliain 2024

Cuireadh naoi gcinn nua de chaighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Rinne an cur chun feidhme an difear seo a leanas d'iarmhéid an chuntais maoinithe Stáit.

| | Nóta | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní foirgneamh a tugadh chun úsáide [a] | 2.1 | 120,878 |
| Dímheas ar Fhoirgnimh [a] | 2.1 | (2,418) |
| Fabhrú párolla [b] | 2.7 | (3,000) |
| Fabhrú saoire [b] | 2.7 | (2,699) |
| Párollaí scoile: baill foirne teagaisc, baill foirne neamhtheagaisc agus baill foirne ar scor [c] | 2.7 | (273,123) |
| | | **(160,362)** |

Nóta [a] CGAS 17 Réadmhaoin, Fearas, agus Trealamh

[b] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

[c] Léirítear leis an bhfabhrú seo substaint na ndliteanas sin, agus réamh-mheastar leis cur i bhfeidhm CGAS 1: Cur i Láthair na Ráiteas Airgeadais, rud nach bhfuil foilsithe fós ach ina dtabharfar sainmhíniú ar dhliteanais is dócha a aithneoidh na híocaíochtaí uile sin mar fhabhruithe.

# Nóta 3 Caiteachas an Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Leithdháileadh an caiteachas riaracháin ar Chlár A chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais [a] | 131,005 | 130,725 | 112,611 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,959 | 1,869 | 1,645 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha [b] | 675 | 747 | 724 |
| iv | Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach [b] | 4,244 | 5,600 | 6,038 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF [b] | 17,443 | 15,975 | 10,901 |
| vi | Costais áitribh [b] | 2,585 | 2,356 | 1,832 |
| vii | Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde | 176 | 291 | 96 |
| viii | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais [a] | 10,508 | 5,691 | 5,171 |
| | | **168,595** | **163,254** | **139,018** |

Nóta [a] Don bhliain 2024, is fo-mhírcheann neamhphá é fo-mhírcheann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. Déantar caiteachas pá a tuairiscíodh roimhe seo faoi fho-mhírcheann viii a thuairisciú anois faoi fho-mhírcheann i Tuarastail, pá agus liúntais. Níor athanailísíodh na comparáidí ón mbliain roimhe chun an t-athrú sin a léiriú.

[b] Athshonraíodh figiúirí comparáideacha na bliana 2023 d’fho-mhírchinn iii go vi chun na hathruithe ar fho-mhírchinn riaracháin a tugadh isteach do gach Vóta sa bhliain 2024 a léiriú.

### Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir nár chaiteachas riaracháin é (+/-5% agus €100,000).

**iv Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach**

*Soláthar meastacháin €4.244 milliún; toradh €5.600 milliún*

Tháinig an méadú €1.356 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar ath-leithdháileadh tosaigh an tsoláthair meastacháin faoi struchtúr nua an fho-mhírchinn riaracháin. Rinneadh caiteachas breise ar an bhfo-mhírcheann seo a fhritháireamh le coigiltí a tháinig chun cinn i bhfo-mhírcheann riaracháin v Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF. Rinneadh coigeartú ar na leithdháiltí don dá fho-mhírcheann sa mheastachán don bhliain 2025.

**vii Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde**

*Soláthar meastacháin €176,000; toradh €291,000*

Tháinig an méadú €115,000 i gcaiteachas chun cinn mar gheall ar an athrú ar an sainmhíniú ar ‘comhairleoireacht’ chun athbhreithnithe ar pholasaithe agus taighde a áireamh. Ba nithe iad sin a tugadh i gcuntas roimhe seo faoi iar-fho-mhírcheann iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide.

**viii An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais**

*Soláthar meastacháin €10.508 milliún; toradh €5.691 milliún*

Tháinig an laghdú €4.817 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar earcaíocht comhairleoirí ar bhonn conartha faoin Treoirchlár um Chomhairleoireacht i mBunscoileanna sa bhliain 2024 a bheith níos moille ná mar a bhí beartaithe.

## Clár A – Oideachas Chéad Leibhéil, Oideachas Dara Leibhéal agus Oideachas Luathbhlianta

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | 131,005 | 130,725 | 112,611 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 37,590 | 32,529 | 26,407 |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) múinteoirí bunscoile | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,254,982 | | | |
| | *Forlíontach* | 126,000 | | | |
| | | | 3,380,982 | 3,376,460 | 3,142,476 |
| A.4 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) múinteoirí meánscoile, scoile cuimsithí agus pobalscoile | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,730,974 | | | |
| | *Forlíontach* | 68,700 | | | |
| | | | 1,799,674 | 1,780,378 | 1,656,098 |
| A.5 | Deontais do bhoird oideachais agus oiliúna i ndáil le tuarastail múinteoirí bord oideachais agus oiliúna | | | | |
| | *Bunaidh* | 797,908 | | | |
| | *Forlíontach* | 75,000 | | | |
| | | | 872,908 | 869,598 | 787,429 |
| A.6 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 871,127 | | | |
| | *Forlíontach* | 62,500 | | | |
| | | | 933,627 | 935,399 | 821,958 |

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| A.7 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) ball foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a áireamh) | | | | | |
| | *Bunaidh* | 188,377 | | | | |
| | *Forlíontach* | 8,000 | | | | |
| | | | 196,377 | 191,374 | | 138,834 |
| A.8 | Aoisliúntas, etc., i ndáil le baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,542,158 | | | | |
| | *Forlíontach* | 23,000 | | | | |
| | | | 1,565,158 | 1,561,398 | | 1,475,096 |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | | | | | |
| | *Bunaidh* | 380,669 | | | | |
| | *Forlíontach* | 129,000 | | | | |
| | | | 509,669 | 512,153 | | 382,028 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) is iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le boird oideachais agus oiliúna agus le heagraíochtaí agus institiúidí eile oideachais | | | | | |
| | *Bunaidh* | 632,644 | | | | |
| | *Forlíontach* | 65,000 | | | | |
| | | | 697,644 | 708,633 | | 666,296 |
| A.11 | Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn san earnáil bunscoile agus san earnáil iar-bhunscoile | | | | | |
| | *Bunaidh* | 220,787 | | | | |
| | *Forlíontach* | 21,000 | | | | |
| | | | 241,787 | 241,857 | | 202,251 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | | 42,268 | 45,409 | | 37,903 |
| A.13 | Íocaíochtaí i ndáil le sásamh foras cónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú | | 6,991 | 2,060 | | 1,305 |

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 75,546 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,000 | | | |
| | | | 83,546 | 78,750 | 58,593 |
| A.15 | Bonneagar bunscoile agus iar-bhunscoile | | | | |
| | *Bunaidh* | 870,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 502,000 | | | |
| | | | 1,372,000 | 1,374,247 | 1,232,915 |
| A.16 | Costais comhpháirtíochta príobháidí poiblí | | 70,000 | 66,818 | 66,622 |
| | | | **11,941,226** | **11,907,788** | **10,808,822** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir nár chaiteachas riaracháin é (+/-5% agus €100,000).

**A.5 Deontais do bhoird oideachais agus oiliúna i ndáil le tuarastail múinteoirí bord oideachais agus oiliúna**

*Soláthar meastacháin €797.908 milliún; toradh €869.598 milliún*

Tháinig an méadú €71.69 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar chostais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- Cineál éileamh-threoraithe na gcostas párolla sin ar a mbíonn tionchar ag rolluithe méadaithe, lena n-áirítear daltaí ón Úcráin, agus ag riachtanais oideachais a bheith níos mó ná mar a réamh-mheasadh roimhe seo (€42.39 milliún).
- An soláthar meastacháin bunaidh gan a bheith ag déanamh soláthar iomlán do chomhaontuithe pá earnála poiblí a comhaontaíodh ina dhiaidh sin (€29.3 milliún)

**A.6 Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna**

*Soláthar meastacháin €871.127 milliún; toradh €935.399 milliún*

Tháinig an méadú €64.272 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- an costas a bhaineann leis na héilimh mhéadaitheacha ar phoist Cúntóra Riachtanas Speisialta, lena n-áirítear iad siúd a leithdháileadh mar gheall ar ghéarchéim na hÚcráine (€51.650 milliún)
- an soláthar meastacháin bunaidh gan a bheith ag déanamh soláthar iomlán do chomhaontuithe pá earnála poiblí a comhaontaíodh ina dhiaidh sin (€12.622 milliún)

**A.9 Seirbhísí iompair scoile**

*Soláthar meastacháin €380.669 milliún; toradh €512.153 milliún*

Tháinig an méadú €131.484 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar chostais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- Bearta costais maireachtála, lena n-áirítear an réamhíocaíocht don bhliain 2025 lena ndearnadh soláthar do leanúint de tháillí iompair scoile a laghdú (€66.664 milliún).
- Seirbhísí breise iompair scoile a soláthraíodh do dhaltaí ón Úcráin atá rollaithe i scoileanna (€5.383 milliún).
- Raon brúnna caiteachais reatha ar chroísheirbhísí na scéime iompair scoile, lena n-áirítear costais mhéadaithe conraitheoirí agus daltaí breise ar sheirbhísí riachtanas speisialta oideachais. (€59.441 milliún).

**A.10 Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) is iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le boird oideachais agus oiliúna agus le heagraíochtaí agus institiúidí eile oideachais**

*Soláthar meastacháin €632.644 milliún; toradh €708.633 milliún*

Tháinig an méadú €75.989 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar chostais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- Réamhíocaíocht bheart costais maireachtála na bliana 2025 a íoc le scoileanna chun cabhrú le costais reatha scoile (€45.202 milliún).
- An deontas TFC do scoileanna a íoc i gcomhréir leis an maoiniú a tugadh i mblianta roimhe, agus costais mhéadaithe faoin gClár Leathanbhanda le haghaidh Scoileanna) (€18.509 milliún).
- Deontais a íoc le haghaidh Chreatchuraclam na Bunscoile agus le haghaidh Tacaíocht do Chur Chun Feidhme na hEolaíochta (€12.107 milliún).
- Glanchoigiltí sa deontas coimhdeach a íocadh mar thoradh ar chostais rúnaithe a bheith á n-aistriú chuig na fo-mhírchinn párolla scoile sa bhliain 2024 (€8.55 milliún).
- Raon brúnna caiteachais i ndáil le caipitíocht scoile agus le Boird Oideachais agus Oiliúna mar aon le brúnna glanchaiteachais eile.

**A.11 Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn san earnáil bunscoile agus san earnáil iar-bhunscoile**

*Soláthar meastacháin €220.787 milliún; toradh €241.857 milliún*

Tháinig an méadú €21.070 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar chostais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- Maoiniú méadaithe a thabhairt do Choimisiún na Scrúduithe Stáit, agus é mar aidhm leis den chuid is mó aghaidh a thabhairt ar na costais mhéadaithe a bhain le Scrúduithe Stáit na bliana 2024 a sheachadadh, agus réamhíocaíocht costais maireachtála a íoc chun tarscaoileadh leantach na dtáillí iontrála do scrúduithe stáit na bliana 2025 a éascú (€30.185 milliún).
- Coigiltí a taifeadadh sa Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), a d’eascair as earcaíocht ball foirne breise a bhí níos moille ná mar a bhí beartaithe, agus coigiltí faoin tSamhail um Chuimsiú Scoile agus faoi Thionscadail Teiripe Ionscoile (€8.537 milliún).

**A.12 Oideachas múinteoirí**

*Soláthar meastacháin €42.268 milliún; toradh €45.409 milliún*

Tháinig an méadú €3.141 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar chostais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- Costais bhreise a bhaineann le leanúint d'Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM) a chur i bhfeidhm le haghaidh Chreatchuraclam na Bunscoile, le haghaidh Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, agus le haghaidh na Foghlama Gairmiúla Múinteoirí nua Frithbhulaíochta 'Bí Cineálta' do gach scoil. (€3.097 milliún).

**A.13 Íocaíochtaí i ndáil le sásamh foras cónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú**

*Soláthar meastacháin €6.991 milliún; toradh €2.060 milliún*

Tháinig an choigilt €4.931 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- Na costais a cuireadh ar fáil le haghaidh raon seirbhísí tacaíochta sláinte agus oideachais do mharthanóirí na drochúsáide i bhforais gan a bheith ag teacht chun cinn sa bhliain 2024 (€4.072 milliún).
- Caiteachas Caipitil a leithdháileadh le haghaidh íospartaigh na drochúsáide i bhforais gan a bheith curtha i gcrích (€500,000).
- Costais reatha an Bhoird um Shásamh agus an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis (€358,000).

**A.15 Bonneagar bunscoile agus iar-bhunscoile**

*Soláthar meastacháin €870 milliún; toradh €1,374.247 milliún*

Tháinig an méadú €504.247 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán chun cinn mar gheall ar bhrúnna buiséadacha suntasacha a d'eascair as seachadadh láidir ar an gClár Tógála Scoileanna chun an phíblíne riachtanach tionscadal a choinneáil ag gluaiseacht chun a chinntiú go mbeadh áit scoile ag gach leanbh i mí Mheán Fómhair 2024, mar gheall ar an ngá a bhí le cóiríocht a sholáthar ar bhealach luathaithe, go háirithe do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Míbhuntáiste oideachasúil – maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin | | | 3,310 | 2,900 | 3,691 |
| B.2 | Ranníocaíochtaí aoisliúntais – an Rannóg Párolla | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 167,649 | | | |
| | | *Forlíontach* | 9,000 | | | |
| | | | | 176,649 | 173,015 | 170,155 |
| B.3 | Táillí athscrúdaithe Ardteistiméireachta | | | 50 | 4 | 5 |
| B.4 | Rannóg na bPinsean | | | 3,824 | 4,389 | 2,483 |
| B.5 | Ilghnéitheach – reatha | | | 6,504 | 6,687 | 17,664 |
| B.6 | Comhlachtaí ilghnéitheacha, lena n-áirítear an Chomhairle Mhúinteoireachta | | | 525 | 528 | 525 |
| B.7 | Caipiteal ilghnéitheach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 250 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,300 | | | |
| | | | | 2,550 | 3,008 | 797 |
| B.8 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 201,140 | | | |
| | | *Forlíontach* | 37,700 | | | |
| | | | | 238,840 | 232,592 | 209,684 |
| B.9 | Iasachtaí/ ró-íocaíochtaí – bunscoil | | | 969 | 1,452 | 1,182 |
| B.10 | Fáltais ó thionscadail oideachasúla AE [a] | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 79,000 | | | |
| | | | | 80,000 | 80,874 | 1,443 |
| B.11 | Iasachtaí/ró-íocaíochtaí – iar-bhunscoil | | | 1,332 | 1,024 | 1,150 |
| | | | | **514,553** | **506,473** | **408,779** |

Nóta [a] Tugtar miondealú ar fháltais AE ab ionann agus €80.874 milliún faoi fho-mhírcheann B.10 sa tábla faoi Nóta 6.5 Maoiniú AE.

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gceannteidil leithreasaí-i-gcabhair aonair (+/-5% agus €100,000).

**B.1 Míbhuntáiste oideachasúil – maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin**

*Meastachán €3.31 milliún; réadaithe €2.9 milliún*

Tháinig an laghdú €410,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar chaiteachas ar thionscadail gan a bheith ag dul ar aghaidh mar a bhí beartaithe. Bhí tionchar díreach ag na coigiltí chaiteachais sin ar mhaoiniú a fuarthas ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

**B.4 Rannóg na bPinsean**

*Meastachán €3.824 milliún; réadaithe €4.389 milliún*

Tháinig an méadú €565,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn toisc go raibh sé doiligh leibhéal na bhfáltas a d'fhéadfadh a bheith le bailiú in aon bhliain féilire a thuar le haon chinnteacht mar gheall ar chineál sonrach na bhfáltas sa chatagóir seo.

**B.7 Caipiteal ilghnéitheach**

*Meastachán €250,000; réadaithe €3.008 milliún*

Tháinig an méadú €2.758 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- ranníocaíocht a fuarthas i dtreo costais oibreacha bóthair rochtana chuig láithreán a fuair an Roinn (€1.3 milliún)
- maoiniú réamhíoctha neamhúsáidte (€1.21 milliún) a thabhairt ar ais don Roinn
- é a bheith doiligh leibhéal na nglanfháltas eile a d'fhéadfadh a bheith le bailiú in aon bhliain féilire a thuar le haon chinnteacht mar gheall ar chineál éagsúil na bhfáltas sa chatagóir seo.

**B.8 Fáltais ó ranníocaíocht aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €201.14 milliún; réadaithe €232.592 milliún*

Tháinig an méadú €31.452 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar phoist teagaisc agus cúntóra riachtanas speisialta breise a earcaíodh san earnáil oideachais agus mar gheall ar an éifeacht a bhí ag méaduithe pá sa bhliain 2024.

**B.9 Iasachtaí/ró-íocaíochtaí – bunscoil**

*Meastachán €969,000; réadaithe €1.452 milliún*

Tháinig an méadú €483,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar fhorchúitimh ró-íocaíochtaí a bheith €402,000 níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Bhí forchúitimh iasachta €81,000 níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis freisin. Tá sé doiligh fáltais ó fhorchúitimh ró-íocaíochtaí a mheas ó bhliain go bliain.

**B.10 Fáltais ó thionscadail oideachasúla AE**

*Meastachán €1 mhilliún; réadaithe €80.874 milliún*

Tháinig an méadú €79.874 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar chistiú aonuaire a fháil faoin gclár oibríochtúil REACT-EU as roinnt de thacaíochtaí airgeadais COVID-19 a tugadh do scoileanna roimhe sin.

**B.11 Iasachtaí/ró-íocaíochtaí – iar-bhunscoil**

*Meastachán €1.332 milliún; réadaithe €1.024 milliún*

Tháinig an laghdú €308,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar fhorchúitimh ró-íocaíochtaí a bheith €199,000 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Bhí forchúitimh iasachta €109,000 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis freisin. Tá sé doiligh fáltais ó fhorchúitimh ró-íocaíochtaí a mheas ó bhliain go bliain.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | 30 |
| Diúscairt sócmhainní [a] | 24 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | — | (30) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig [a]** | **24** | — |

Nóta [a] Baineann an t-iarmhéid ag deireadh na bliana 2024 le diúscairt píosa talún, ar aistríodh na fáltais ina leith chuig an Státchiste le linn Ráithe 1 den bhliain 2025.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| Roinn | 1,998 | 1,813 |
| An chéad leibhéal agus an dara leibhéal | 105,161 | 100,011 |
| Gníomhaireachtaí | 914 | 738 |
| | **108,073** | **102,562** |

### 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 118,143 | 103,882 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 556 | 493 |
| Liúntais eile | 45 | 21 |
| Ragobair | 1,069 | 997 |
| ÁSPC an fhostóra | 10,912 | 7,218 |
| **Pá iomlán** | **130,725** | **112,611** |

Nóta [a] Ní bhaineann na mionsonraí airgeadais sa tábla seo ach amháin le tuarastail agus liúntais a íocadh le fostaithe na Roinne agus le foireann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

[b] Léirítear an figiúr pá iomlán faoi fho-mhírcheann A.1 (€130.725 milliún).

**Luach saothair na foirne oideachais Chéad leibhéil agus dara leibhéal**

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 6,452,753 | 5,918,824 |
| Liúntais | 5,738 | 5,780[a] |
| Ragobair | 886 | 1,010 |
| ÁSPC an fhostóra | 643,253 | 581,644 |
| **Pá iomlán** | **7,102,630** | **6,507,258**[a] |

Nóta [a] Athshonraíodh na figiúirí chun an ghanniontráil €18,000 a rinneadh de bhotún ar an bhfigiúr liúntas do BOO amháin i gcuntais leithreasa 2023 a cheartú.

| Luach saothair fhoireann na nGníomhaireachtaí [a] | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 48,704 | 39,386[b] |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 226 | 245 |
| Liúntais eile | 61 | 87 |
| Ragobair | 2,079 | 2,308 |
| ÁSPC an fhostóra | 4,868 | 3,991 |
| **Pá iomlán** | **55,938** | **46,017[b]** |

Nóta
a Áirítear leis seo costais phá do ghníomhaireachtaí atá faoi shainchúram an Vóta seo, bunaithe go príomha ar thuairisceáin ó na gníomhaireachtaí.
b Athshonraíodh na figiúirí chun an ghanniontráil €92,000 a rinneadh de bhotún ar an bhfigiúr pá i gcuntais leithreasa 2023 a cheartú.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 87 | 24 | 40,802 | 23,481 |
| Liúntais eile | 11 | 1 | 23,633 | 5,947 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 369 | 12 | 17,703 | 15,589 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 16 | 6 | 17,264 | 18,757 |
| **Foireann an Chéad leibhéil agus an dara leibhéal** | | | | |
| Liúntais | 2,956 | 7 | 18,347 | 19,752 |
| Ragobair | 259 | 26 | 31,555 | 28,011 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 5 | — | 4,613 | 32,660 |
| **Foireann na nGníomhaireachtaí** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 57 | 8 | 15,170 | 22,000 |
| Liúntais eile | 32 | — | 6,948 | 9,487 |
| Ragobair | 255 | 71 | 44,632 | 47,128 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 49 | — | 50,912 | 48,864 |

## 5.4 Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go | 2024 | 2023 |
| 20,000 | 59,999 | 1,187 | 1,049 |
| 60,000 | 69,999 | 188 | 159 |
| 70,000 | 79,999 | 131 | 134 |
| 80,000 | 89,999 | 138 | 117 |
| 90,000 | 99,999 | 109 | 115 |
| 100,000 | 109,999 | 131 | 97 |
| 110,000 | 119,999 | 51 | 28 |
| 120,000 | 129,999 | 22 | 10 |
| 130,000 | 139,999 | 4 | 1 |
| 140,000 | 149,999 | 2 | — |
| 150,000 | 159,999 | 1 | — |
| 160,000 | 169,999 | — | 4 |
| 170,000 | 179,999 | 2 | 5 |
| 180,000 | 189,999 | 5 | — |
| 190,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | 1 |
| 230,000 | 239,999 | 1 | — |

## 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bunphá | 238 | 227 |
| | **238** | **227** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den scéim aoisliúntais réamh-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a teidlíochtaí chun sochair scoir i leith a seirbhíse thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsean sin.

## 5.6 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinne an Roinn 46 státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán ab ionann agus €237,000 (2023: €177,000), lenar áiríodh costais taistil agus chothaithe ab ionann agus €26,000 (2023: €16,000). Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €97,000 i dtaca le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh na bliana 2024 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an Roinn a t(h)uarastal.

Ní áirítear leis an gcuntas caiteachas i dtaca le tuarastail 13 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2024 ar fad nó ar feadh cuid di i ranna/oifigí eile rialtais.

## 5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn na bliana 2024, fuair cúigear ball foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht íocaíochtaí iomarcaíochta ab ionann agus €130,881 san iomlán. Ní dhearnadh aon scaoilíocaíochtaí, níor íocadh aon phinsin go luath gan laghdú achtúireach, agus níor soláthraíodh aon bhlianta breise de mheas-seirbhís.

## 5.8 Ró-íocaíochtaí párolla agus pinsin

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2024 €000** | **2023 €000** |
|---|---|---|---|
| **Foireann riaracháin** | | | |
| Ró-íocaíochtaí tuarastail | 152 | 340 | 280 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 41 | 113 | 48 |
| **Pearsana is múinteoirí/nach múinteoirí agus atá ar scor** | | | |
| Ró-íocaíochtaí tuarastail/pinsin | 3,543 | 6,800 | 6,878 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 692 | 2,216 | 1,576 |
| **Pinsin fhorlíontacha** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 67 | 634 | 665 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 53 | 503 | 526 |
| **Pinsinéirí seirbhíse poiblí** | | | |
| Ró-íocaíochtaí pinsin | 80 | 591 | 672 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 28 | 196 | — |
| **Earráid chódúcháin** | | | |
| Ró-íocaíochtaí pinsin | 1 | 1 | 1 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 1 | 1 | — |
| **Ró-íocaíochtaí iomlána** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 3,843 | 8,366 | 8,496 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 815 | 3,029 | 2,150 |

**Ró-íocaíochtaí mar thoradh ar ghann-asbhaint an laghdaithe pinsin seirbhíse poiblí**

Sainaithníodh 89 gcás ró-íocaíochta pinsin sa bhliain 2018 inar tharla laghdú neamhleor pinsin seirbhíse poiblí. Measadh an ró-íocaíocht comhláin ag €1 mhilliún i gcuntas leithreasa 2023. Áfach, toisc nach mbeadh an ball foirne ar scor i dteideal ró-íocaíochtaí cánach ioncaim a fháil ar ais de bhreis ar cheithre bliana, agus gur bhain an státchiste tairbhe ón teacht isteach a bhailíodh cheana féin, b'ionann suim na ró-íocaíochta agus €672,162 mar fhigiúr glan ag 31 Nollaig 2023. B'ionann suim na ró-íocaíochta i ndáil leis na daoine aonair nach maireann agus €233,330 (mar fhigiúr glan). Is ceart nótáil nach ndearnadh fabhrú ina leith sa ráiteas faoin staid airgeadais. Cuireadh tús le hobair sa bhliain 2024 chun na ró-íocaíochtaí atá fágtha de €438,742 a aisghabháil maidir le ball foirne gníomhacha ar scor. Aisíocadh iomlán de €81,455 i rith 2024 a fhágann fuílleach de €357,287 do bhaill foirne gníomhacha ar scor ag 31 Nollaig 2024. D'aisíoc naonúr ball foirne ar scor a ró-íocaíocht go hiomlán, tá pleananna aisghabhála comhaontaithe i bhfeidhm ag 28 mball foirne ar scor, agus tá modh aisíocaíochta le comhaontú fós ag 21 bhall foirne ar scor. Is daoine nach maireann iad an 31 duine aonair atá fágtha. Tá an Roinn i gcaidreamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir leis an ndaoine nach maireann, chun an ní a thabhairt chun críche.

**Ró-íocaíocht chnapshuime mar thoradh ar earráid chódúcháin**

Sa bhliain 2023, sainaithníodh thart ar 140 ball foirne ar scor ar ina leith a tharla ró-íocaíocht chnapshuime dar luach €106,037. Tharla an earráid toisc gur códaíodh liúntas inphinsin go mícheart.

Rinne an Roinn Oideachais teagmháil le gach ball foirne ar scor agus, go dtí seo, d'aisíoc 139 mball foirne ar scor an tsuim san iomlán, agus €105,131 san iomlán forchúitithe go dtí seo. Tá plean aisíocaíochta i bhfeidhm ag an mball foirne ar scor atá fágtha, agus iarmhéid amuigh atá cothrom le €906 ann ag deireadh na bliana 2024. Cuirfear tús leis an bplean aisíocaíochta sa bhliain 2025.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2024 | Caiteachas in 2024 | Caiteachas sa bhliain 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú | 1999 | 85,779 | 289 | 278 |
| An Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe [a, b] | 2002 | 1,247,328 | 644 | 634 |
| | | **1,333,107** | **933** | **912** |

Nóta [a] De bhreis ar an gcaiteachas foriomlán €1.247 billiún ar an Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe ag deireadh na bliana 2024, tabhaíodh €10.291 milliún eile de chaiteachas i dtaca le socraíochtaí cúirte de bhun chomhaontú slánaíochta na bliana 2002, rud lena bhforáiltear nach bhfuil cuallachtaí reiligiúnacha faoi dhliteanas i leith aon chásanna a shocraítear sa chúirt agus lasmuigh den scéim um shásamh.

[b] Ag deireadh na bliana 2024, b'ionann na costais charnacha riaracháin agus €66.29 milliún i gcás an Bhoird um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus €10.17 milliún i gcás an Choiste Athbhreithnithe i leith Foras Cónaithe.

### An t-iomlán a d'íoc cuallachtaí reiligiúnacha

Rinne na 18 gcuallacht reiligiúnacha a bhainistigh formhór na bhforas cónaithe leanaí ranníocaíochtaí faoi dhá bhabhta ar leith. Is iad sin comhaontú slánaíochta na bliana 2002 a bhí ina cheangal dlí lena ndearnadh soláthar do ranníocaíochtaí ab ionann agus €128 milliún, agus na tairiscintí deonacha breise a rinneadh tar éis fhoilsiú Thuarascáil Ryan sa bhliain 2009, lena n-áirítear airgead agus réadmhaoine ar chuir na cuallachtaí luach €352.61 milliún orthu ag an am.

Achoimrítear sa tábla thíos na suimeanna iomlána a tairgeadh faoin dá bhabhta agus na suimeanna a fuarthas go dtí seo. Tá na suimeanna sin comhdhéanta de ranníocaíochtaí airgid agus de luach na n-aistrithe réadmhaoine araon.

| | Tairgthe | Réadaithe |
|---|---|---|
| | €milliún | €milliún |
| Comhaontú slánaíochta na bliana 2002 | 128.00 | 124.94 |
| Tairiscintí deonacha na bliana 2009 | 352.61[a] | 124.41 |
| **Iomlán** | **480.61** | **249.35** |

Nóta [a] Tá an figiúr €352.61 milliún mar atá luacháilte ag na cuallachtaí

**An tsuim iomlán atá amuigh ó chuallachtaí reiligiúnacha**

Fuarthas an t-airgead ar fad a tairgeadh faoi chomhaontú slánaíochta 2002, arbh fhiú €65 mhilliún é. Tá dhá réadmhaoin le haistriú go hiomlán fós faoi théarmaí an chomhaontaithe.

Faoi dheireadh na bliana 2024, fuarthas ranníocaíochtaí airgid deonacha a tairgeadh sa bhliain 2009 nó i mblianta ina dhiaidh sin arbh fhiú €111.594 milliún iad. Den tsuim sin, ranníocadh €1.594 milliún i leith fhorbairt Ospidéal Náisiúnta na Leanaí mar a fhoráiltear dó in alt 43 den Acht um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe, 2012.

Is aistrithe go hiomlán anois atá na 18 réadmhaoin san iomlán a tairgeadh go deonach sa bhliain 2009. Tá an Roinn ag plé i gcónaí le Cuallacht na mBráithre Críostaí chun a dtairiscint a chur chun cinn, rud a bhain le socraíocht maidir le roinnt páirceanna imeartha.

Ní dócha go mbainfear amach luach iomlán na dtairiscintí deonacha mar a bhí sé sa bhliain 2009 de bhrí nár glacadh le tairiscintí áirithe agus go raibh luach na réadmhaoine a aistríodh nó a diúscraíodh níos ísle i bhformhór na gcásanna ná an luach a chuir na cuallachtaí orthu.

**Ceangaltais iomlána sa todhchaí**

Meastar go ndúnfar an Bord um Shásamh agus an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú roimh i bhfad. Meastar go mbeidh €2 mhilliún de chaiteachas breise i gceist.

Foráladh leis an reachtaíocht lenar bunaíodh an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe do thaifid na ndaoine aonair a choimeád faoi rún agus a scrios tráth lánscor na gcomhlachtaí. Mar sin féin, chinn an Rialtas dá éis go bhféadfadh tábhacht stairiúil chomh mór sin a bheith leis na taifid gur cheart iad a choimeád agus a shéalú sa Chartlann Náisiúnta. Dá thoradh sin, ní féidir na comhlachtaí Sásaimh a lánscor go dtí go réiteofar staid dheireanach na dtaifead sin. I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'fhógair an Rialtas go mbunófaí Lárionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin, a dtabharfaí freagracht dó as taifid a bhaineann le drochúsáid institiúideach, agus tá todhchaí thaifid na gcomhlachtaí sásaimh á breithniú sa chomhthéacs sin.

**Cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 43 den Acht um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe, 2012**

Foráiltear le halt 43 d'Acht 2012 gurb amhlaidh, maidir le ranníocaíochtaí ó chuallachtaí is mó ná an teorainn €110 milliún atá leagtha síos in alt 29 den Acht, a chuirfear iad i gcuntas speisialta in ainm an Aire Sláinte lena n-úsáid le haghaidh cuspóirí a bhaineann le hospidéal nua náisiúnta péidiatraice a fhorbairt agus lena n-aghaidh sin amháin. Is é €1.594 milliún an t-iomlán atá taiscthe sa chuntas go dtí seo.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Roinn nó an Oifig sa bhliain**

| | Éilimh a rinne | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **Fostaithe** | **Daoine den phobal** | **2024** | **2023[b]** |
| Líon na gcásanna[a] | — | 132 | 132 | 143 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 1,041 | 1,041 | 768 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | | |
| Cúiteamh | — | 1,764 | 1,764 | 3,990 |
| Costais dlí | — | 1,047 | 1,047 | 1,400 |
| Costais eile | — | 192 | 192 | 520 |
| **Iomlán 2024 [b]** | — | **4,044** | **4,044** | **6,678** |
| Iomlán 2023 | — | 6,678 | 6,678 | |

Nóta
[a] Ag an 31 Nollaig 2024, bhí 280 éileamh amuigh.
[b] Sa bhliain 2023, rinneadh costais dlí na Roinne féin, arbh ionann iad agus €186,000, a chatagóiriú mar chostais eile. Athshonraíodh costais chomparáideacha na bliana 2023 chun an staid cheart a léiriú.

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024**

| | Éilimh a rinne | | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **Fostaithe** | **Daoine den phobal** | |
| Líon na gcásanna[a] | 1 | 107 | 108 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 681 | 681 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | |
| Cúiteamh | — | 1,652 | 1,652 |
| Costais dlí | — | 519 | 519 |
| Costais eile | — | 122 | 122 |
| **Iomlán [b, c]** | — | **2,974** | **2,974** |

Nóta
[a] Ag an 31 Nollaig 2024, bhí 280 éileamh amuigh.
[b] De bhreis ar na costais atá tuairiscithe thuas (€2.974 milliún), bhí €329,000 dlite i leith éilimh a bhí tugtha chun críche amhail an 31 Nollaig 2024. Tá na costais sin ar áireamh faoi speansais fhabhraithe.
[c] Ní áirítear leis na costais iomlána atá tuairiscithe thuas 53 éileamh a críochnaíodh roimh an mbliain 2024, agus costais charnacha €2.669 milliún a tuairiscíodh mar chostais leanúnacha i gcuntais leithreasa fhoilsithe 2023 ag baint leo.

## 6.3 Calaois agus calaois amhrasta

Sa bhliain 2024, níor sainaithníodh aon chásanna calaoise ná aon chásanna calaoise amhrasta laistigh den Roinn. Ina theannta sin, níor sainaithníodh aon chásanna a bhí ábhartha ó thaobh cineáil de nó a raibh leas suntasach ag an bpobal iontu in aon ghníomhaireachtaí atá faoi shainchúram na Roinne.

## 6.4 Eadráin agus idir-réiteach

Sa bhliain 2024, íocadh táillí idir-réitigh ab ionann agus €7,060,275 i leith ceithre chás déag, lenar áiríodh íocaíochtaí le conraitheoirí agus le daoine eile chun costais a d'eascair as imeachtaí eadrána agus idir-réitigh a chlúdach. Bhí aon chás déag ann sa bhliain 2023, agus caiteachas iomlán €6,000,884 ag baint leo.

## 6.5 Maoiniú AE

Tá fáltais i ndáil le maoiniú AE a fuarthas le linn na bliana 2024 agus a cuireadh i dtaisce i leithreasaí-i-gcabhair mionsonraithe sa tábla thíos.

| | **2024**<br>**€000** | **2023**<br>**€000** |
|---|---|---|
| B.10 REACT-EU | 79,501 | — |
| B.10 Tionscadail oideachais CE | 327 | 454 |
| B.10 Aisíocaíocht ilghnéitheach Chlár PEACE IV | 1,046 | 989 |
| | **80,874** | **1,443** |

**REACT-EU**

Ba é a bhí sna fáltais ab ionann agus €79.501 milliún san iomlán sa bhliain 2024 ná aisíocaíocht aonuaire faoin gclár oibríochtúil REACT-EU as roinnt de thacaíochtaí airgeadais COVID-19 a tugadh do scoileanna roimhe sin.

**Tionscadail oideachais an Choimisiúin Eorpaigh**

Bhí na fáltais sa bhliain 2024 faoi thionscadail oideachais an Choimisiúin Eorpaigh mar a leanas:

- Ranníocaíocht airgeadais i leith leanaí le hoifigigh AE ó Oifig Bia agus Tréidliachta AE in aice láimhe a fhreastalaíonn ar an Lárionad don Scolaíocht Eorpach, Dún Seachlainn, Co. na Mí.
- Maoiniú deontais a fháil faoi ghlao Eoraidícé 2023-2025 ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Oideachas, Cúrsaí Closamhairc agus Cultúr (EACEA) as rannpháirtíocht na hÉireann i Líonra Eoraidícé CE.

**Aisíocaíocht Chlár PEACE IV**

Bhain fáltais a fuarthas sa bhliain 2024 le caiteachas a tabhaíodh mar chuid de chlár PEACE IV. Íocann Éire 21% (Maoiniú CFRE agus Maoiniú Meaitseála) de chostais fhoriomlána an chláir, agus íocann Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann an chuid eile. Tá 85% de ranníocaíocht na hÉireann in-fhorchúitithe ó AE.

## 6.6 Díscríobh

| | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí párolla | 495 | 283 |
| | **495** | **283** |

## 6.7 Ús i leith íocaíochtaí déanacha

| | 2024 €000 | 2023[a] €000 |
|---|---|---|
| Glan-ús iomlán a íocadh | 16 | 15 |
| | **16** | **15** |

Nóta [a] Athshonraíodh ús i leith íocaíochtaí déanacha ab ionann agus €3,000 agus a tuairiscíodh i gcuntais 2023.

## 6.8 Iontaobhais oideachais

Infheistíodh iontaobhais oideachais ab ionann agus €2.091 milliún san iomlán thar ceann na Roinne i gcomhchiste infheistíochta atá faoi mhaoirseacht an Rialálaí Carthanas ag deireadh na bliana 2024 (2023: €2.137 milliún). Is é an tAire Oideachais iontaobhaí na n-iontaobhas oideachais sin fós.

## Aguisín A Mórthionscadail ceangaltais caipitil lena mbaineann caiteachas iomlán is ionann agus €20 milliún nó níos mó

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 | Caiteachas in 2024 | Ceangaltais maidir le tionscadail i mblianta ina dhiaidh | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2024 | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fo-mhírcheann A.15** | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Foghlaim le Chéile Bhrí Mhór, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 22,835 | — | 1,226 | 24,061 | 24,061 |
| 2 | Meánscoil le Chéile, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15 | 20,001 | — | 201 | 20,202 | 20,202 |
| 3 | Scoil an Stíobhartaigh Baile Phámar, Baile Átha Cliath 20 | 20,123 | — | 69 | 20,192 | 20,192 |
| 4 | Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara | 52,945 | 54 | 506 | 53,505 | 53,493 |
| 5 | Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí | 39,012 | 195 | 837 | 40,044 | 39,902 |
| 6 | Pobalcholáiste an Náis, Nás, Co. Chill Dara | 25,481 | 239 | 525 | 26,245 | 26,034 |
| 7 | Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh | 21,858 | 103 | 93 | 22,054 | 21,951 |
| 8 | Coláiste na Toirbhearta, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | 20,599 | 75 | 168 | 20,842 | 20,833 |
| 9 | Meánscoil Naomh Pól, Mainistir Eibhín, Co. Chill Dara | 24,207 | 614 | 511 | 25,332 | 24,952 |
| 10 | Bunscoil Chlochar na Trócaire, an Nás, Co. Chill Dara Dara | 10,248 | 3,174 | 8,594 | 22,016 | 10,643 |
| 11 | Coláiste Éamonn Rís, Baile an Chairpintéaraigh/Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15 | 30,637 | 442 | 82 | 31,161 | 31,141 |
| 12 | Meánscoil an Teaghlaigh Ró-Naofa Naomh Daithí, Bóthar Kimberly, Na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin | 19,237 | 950 | 208 | 20,395 | 19,407 |

| | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 | Caiteachas in 2024 | Ceangaltais maidir le tionscadail i mblianta ina dhiaidh | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2024 | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fo-mhírcheann A.15** | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 13 | Scoil Náisiúnta Conleth agus Mhuire, an Droichead Nua, Co. Chill Dara | 19,707 | 5,780 | 156 | 25,643 | 21,582 |
| 14 | Gaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí, Co. Chiarraí [b] | 19,455 | 2,587 | 181 | 22,223 | 19,826 |
| 15 | Pobalscoil Inis Díomain, Co. an Chláir | 24,424 | 6,449 | 3,354 | 34,227 | 31,982 |
| 16 | Foghlaim le Chéíle Dhúglas/Bhaile an Róistigh, Cnoc Carr, Co. Chorcaí | 21,714 | 767 | 538 | 23,019 | 22,583 |
| 17 | Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Síor Anraí, Luimneach | 23,553 | 2,675 | 739 | 26,967 | 26,208 |
| 18 | Pobalcholáiste Mhungairit, Co. Luimnigh | 20,833 | 13,927 | 284 | 35,044 | 34,830 |
| 19 | Scoil Mhuire Naofa, Carraig Thuathail, Co. Chorcaí [b] | 27,223 | 2,392 | 612 | 30,227 | 28,674 |
| 20 | Scoil Náisiúnta Phobalscoil Chliodhna, Carraig Thuathail, Co. Chorcaí [b] | 25,740 | 113 | 358 | 26,211 | 26,098 |
| 21 | Meánscoil Fhoghlaim le Chéile na Céime, Baile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18 [b] | 27,100 | 3,469 | 376 | 30,945 | 30,178 |
| 22 | Meánscoil Fhoghlaim le Chéile Luimnigh, Luimneach | 38,280 | 592 | 625 | 39,497 | 39,215 |
| 23 | Meánscoil Fhoghlaim le Chéile Bhéal Maighin, Co. Bhaile Átha Cliath 13 | 22,805 | 15,006 | 1,997 | 39,808 | 37,536 |
| 24 | Coláiste na Mí, céim 2, agus tionscadal campais le Scoil Speisialta Naomh Muire, Co. na Mí | 20,822 | 17,004 | 5,848 | 43,674 | 41,013 |
| 25 | Pobalcholáiste Charraig Thuathail, Co. Chorcaí | 49,555 | 2,580 | 646 | 52,781 | 52,122 |
| 26 | Coláiste Naomh Iosaef, Leamhcán,, Co. Bhaile Átha Cliath | 10,422 | 10,913 | 666 | 22,001 | 19,329 |

| Fo-mhírcheann A.15 | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 €000 | Caiteachas in 2024 €000 | Ceangaltais maidir le tionscadail i mblianta ina dhiaidh €000 | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2024 €000 | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2023 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 27 | Pobalscoil Rosmini, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9 | 9,650 | 12,896 | 238 | 22,784 | 20,873 |
| 28 | Coláiste Uí Chearbhalláin, An Obair, Co. na Mí | 7,477 | 14,924 | 8,520 | 30,921 | 29,421 |
| 29 | Meánscoi Naomh Marc, Droichead Nua, Co. Chill Dara | 1,397 | 13,399 | 6,013 | 20,809 | 20,552 |
| 30 | Scoil Náisiúnta Naomh Canice, Co. Chill Chainnigh | 3,141 | 14,825 | 12,345 | 30,311 | 29,948 |
| 31 | Scoil Bhráithre Críostaí Chill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh | 5,978 | 33,520 | 18,186 | 57,684 | 56,867 |
| 32 | Meánscoile na Toirbhirte, Cill Chainnigh | 3,943 | 25,809 | 14,710 | 44,462 | 43,906 |
| 33 | Coláiste Naomh Finian, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí | 4,193 | 25,109 | 50,341 | 79,643 | 80,146 |
| 34 | Scoil Speisialta Setanta, Páirc na Feá, Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath | 4,001 | 11,892 | 8,527 | 24,420 | 16,916 |
| 35 | Scoil Náisiúnta Phádraig, An Chorr Dhubh, Baile Átha Cliath 15[a&b] | 81 | 4,407 | 16,742 | 21,230 | 81 |
| 36 | Bunscoil Chill Chomhghaol, Co. Chill Mhantáin [a&b] | 631 | 488 | 20,942 | 22,061 | 1,264 |
| 37 | Meánscoil Fhoghlaim le Chéile Páirc Dhumhach Thrá, Baile Átha Cliath 4 a&b | 618 | 8,307 | 96,966 | 105,891 | 618 |
| 38 | Meánscoil Fhoghlaim le Chéile Mhullach Íde & Phort Mearnóg,, Co. Bhaile Átha Cliath [a&b] | 51 | 8,989 | 13,419 | 22,459 | 51 |
| 39 | Meánscoil Fhoghlaim le Chéile Cros Araild, Baile Átha Cliath 6W [a&b] | 302 | 15,067 | 57,263 | 72,632 | 302 |

| Fo-mhírcheann A.15 | | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 €000 | Caiteachas in 2024 €000 | Ceangaltais maidir le tionscadail i mblianta ina dhiaidh €000 | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2024 €000 | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2023 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 | Coláiste Pobail na gCloch Liath,Co. Chill Mhantáin [a&b] | 131 | 10,584 | 44,429 | 55,144 | 131 |
| 41 | Coláiste Pobail Fóla, Teach Sagard, Co. Bhaile Átha Cliath [a&b] | 381 | 11,048 | 78,603 | 90,032 | 381 |
| 42 | Pobalscoil an Teaghlaigh Naofa, Ráth Cúil, Co. Bhaile Atha Cliath [a&b] | 756 | 3,352 | 33,777 | 37,885 | 2,151 |
| 43 | Coláiste Chilliain, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 [a&b] | 1,236 | 446 | 21,209 | 22,891 | 1,790 |
| | | **702,783** | **305,162** | **531,630** | **1,539,575** | **1,049,385** |

Nóta [a] Rinneadh ceangaltais chonarthacha maidir le tionscadail sa bhliain 2024 i gcás naoi scoil nua.

[b] Athshonraíodh an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 agus an caiteachas ionchais iomlán thar shaolré na dtionscadal sa bhliain 2023 mar gheall ar na nithe seo a leanas go príomha:

- tá naoi dtionscadal nua a ndearnadh ceangaltas conarthach ina leith sa bhliain 2024 agus caiteachas roimh an mbliain 2024 ar áireamh anois
- tá 55 thionscadal atá faoi bhun na tairsí (athbhreithnithe) €20 milliún curtha as an áireamh
- naoi dtionscadal a asbhaineadh sa bhliain 2024 toisc gur lú an ceangaltas amuigh iomlán ná €50,000
- tar éis athbhreithniú ar an gcaiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023, athshonraíodh ceithre thionscadal a bhí ar siúl. Ba é glanéifeacht na gcoigeartuithe sin ná meadú €19,000 sa chaiteachas carnach ag an 31 Nollaig 2023.

**Difríochtaí suntasacha - Fo-mhírcheann A.15**

Tugtar míniú thíos i gcás gur tháinig méadú/laghdú is mó ná €1,000,000 ón mbliain 2023 go dtí an bhliain 2024 ar an gcaiteachas iomlán réamh-mheasta.

**10 Bunscoil Chlochar na Trócaire, an Nás, Co. Chill Dara Dara**

Tháinig an méadú €11.373 milliún i gceangaltais chun cinn go príomha mar gheall ar an ngá a bhí le tairiscintí a lorg le haghaidh an tionscadail an athuair toisc nach raibh an conraitheoir bunaidh in ann leanúint ar aghaidh a thuilleadh, ar dá bharr a cuireadh tionscadal críochnaithe €10.7 milliún i bhfeidhm. Baineann an t-iarmhéid go príomha le costais a tabhaíodh le haghaidh seomraí ranga do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur ar áireamh agus le haghaidh athruithe gaolmhara a dhéanamh ar na spásanna seachtracha súgartha.

**13 Scoil Náisiúnta Conleth agus Mhuire, an Droichead Nua, Co. Chill Dara**

Tháinig an príomh-mhéadú €4.061 milliún i gceangaltais chun cinn mar gheall ar chostais bhreise ab ionann agus €2.5 milliún le haghaidh cóiríocht shealadach bhreise. Baineann an t-iarmhéid le horduithe athruithe le haghaidh oibreacha leictreacha agus tógála breise.

**14 Gaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí, Co. Chiarraí**

Tháinig an méadú €2.397 milliún i gceangaltais chun cinn go príomha mar gheall ar chostais comhaontaithe idir-réitigh agus mar gheall ar chostais ex-gratia COVID-19 a cinneadh de réir treoir ón Oifig um Sholáthar Rialtais.

**15 Pobalscoil Inis Díomain, Co. an Chláir**

Baineann an méadú €2.245 milliún i gceangaltais go príomha le dálaí talún gan choinne agus le horduithe gaolmhara athruithe le haghaidh oibreacha fóntais agus seirbhísí athbhreithnithe. Pobalscoil Inis Díomain, Co. an Chláir

**19 Scoil Mhuire Naofa, Carraig Thuathail, Co. Chorcaí**

Tháinig an méadú €1.553 milliún i gceangaltais chun cinn go príomha mar gheall ar bhealach rochtana malartach a thógáil, mar gheall ar mhéadú sa soláthar do riachtanais speisialta oideachais agus mar gheall ar éileamh boilscithe ón Oifig um Sholáthar Rialtais.

**23 Meánscoil Fhoghlaim le Chéile Bhéal Maighin, Co. Bhaile Átha Cliath 13**

Baineann an méadú €2.272 milliún i gceangaltais go príomha le costais an chreat-chomhaontaithe comhair um boilsciú/moill ar an slabhra soláthair a cinneadh de réir treoir ón Oifig um Sholáthar Rialtais. Tá ceangaltais bhreise ann freisin a bhaineann le táillí comhairleoireachta.

**24 Coláiste na Mí, céim 2, agus tionscadal campais le Scoil Speisialta Naomh Muire, Co. na Mí**

Baineann an méadú €2.661 milliún i gceangaltais go príomha le dálaí talún gan choinne agus le horduithe athruithe le haghaidh sainchóiríocht bhreise a dhearadh/a sholáthar.

**26 Coláiste Naomh Iosaef, Leamhcán,, Co. Bhaile Átha Cliath**

Baineann an méadú €2.672 milliún i gceangaltais go príomha le hoibreacha breise ar an bhfoirgneamh atá ann cheana, an díon san áireamh, ar chostas €2.2 milliún.

**27 Pobalscoil Rosmini, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9**

Baineann an méadú €1.911 milliún i gceangaltais go príomha le ceimiceáin ghuaiseacha agus ithir/ábhar éillithe ar an láthair a bhaint, agus le hoibreacha leictreacha breise, lena n-áirítear cáblaí BSL a atreorú.

**28 Coláiste Uí Chearbhalláin, An Obair, Co. na Mí**

Tháinig an méadú €1.5 milliún i gceangaltais chun cinn go príomha mar gheall ar ordú athruithe a ceadaíodh le haghaidh dhá sheomra leapa breise a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

**34 Scoil Speisialta Setanta, Páirc na Feá, Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath**

Tháinig an méadú €7.504 milliún i gceangaltais chun cinn mar gheall ar athchéimniú an tionscadail, a raibh sé i gceist leis ar dtús dhá scoil speisialta — Setanta agus Ballyowen Meadows — a thógáil ag an am céanna ar champas comhroinnte. Mar gheall ar chastachtaí an chláir tógála agus ar na dúshláin a bhaineann le bheith ag obair laistigh de thimpeallacht bheo scoile ar láithreán srianta, áfach, rinneadh an tionscadal a choigeartú chun na scoileanna a thógáil ar leithligh, rud ba chúis le hamlíne fhadaithe.

Ina theannta sin, tharla dálaí gan choinne ar an láithreán freisin, lenar áiríodh an ghlúineach bhiorach a aimsiú ann, measúnachtaí tionchair timpeallachta a bhaineann le speicis faoi chosaint, agus cáblaí beo BSL a bheith ag rith tríd an láithreán.

Tarchuireadh an tionscadal le haghaidh idir-réitigh, ar dá bharr a thángthas ar shocraíocht lenar cumhdaíodh na saincheisteanna uile thuas.

## Aguisín B Nóta Faisnéise ar Thionscadail Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna)

Amhail deireadh na bliana 2024, tá sé chonradh ar leith ag an Roinn chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil faoin tsamhail Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPP). Is é atá i gceist le CPPanna ná socrú struchtúrtha idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le soláthar a dhéanamh ar thionscadail bhonneagair a sholáthrófaí ar shlí eile trí shásraí traidisiúnta soláthair, agus an caiteachas gaolmhar tógála le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm Muirear Aonadach míosúil thar 25 bliana. Tá an chéad Mhuirear Aonadach iníoctha a luaithe atá an tógáil críochnaithe.

Go dtí seo, ba é an tairgeoir roghnaithe a rinne tionscadail CPP san oideachas a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil agus bíonn sé ag déanamh amhlaidh fós.

**CPP na gCúig Threoirscoil**

Tá na cúig iar-bhunscoil i mbeartán CPP na dTreoirscoileanna lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh; i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin; agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith CPP na gCúig Threoirscoil a shíniú le Jarvis Projects Ltd i mí na Samhna 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna i mí Eanáir 2003.

**An Chéad Bheartán Scoileanna CPP**

Ba i mí an Mhárta 2009 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun na ceithre iar-bhunscoil atá lonnaithe i bPort Laoise, Contae Laoise (dhá scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann acu i gContae Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Tháinig gach ceann de na ceithre scoil sin i mbun feidhme i mí Mheán Fómhair 2010.

**An Dara Beartán Scoileanna CPP**

Ba i mí an Mheithimh 2010 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú i dTeampall Bheirchín, Co. Chill Mhantáin; i mBaile Átha Buí, Co. na Mí; i mBaile Chill Dara, Co. Chill Dara; i Mainistir na Féile, Co. Luimnigh; agus i mBeanntraí, Co. Chorcaí (dhá scoil). Tháinig na scoileanna sin i mbun feidhme idir mí Iúil 2011 agus mí Dheireadh Fómhair 2011.

**An Tríú Beartán Scoileanna CPP**

Tá seacht n-iar-bhunscoil agus bunscoil amháin ann sa Tríú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad lonnaithe i mBéal an Átha Móir, Co. Liatroma; i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall; i nGuaire, Co. Loch Garman; i nDabhach Uisce, Co. na Gaillimhe (dhá scoil); i nDún Bleisce, Co. Luimnigh; i dTrá Mhór, Co. Phort Láirge; agus i mBaile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Ba i mí na Samhna 2012 a síníodh an conradh le BAM PPP PGGM Infrastructure Cooperative UA chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Tháinig gach ceann de na hocht scoil i mbun feidhme idir mí na Samhna 2013 agus mí na Bealtaine 2014.

**An Ceathrú Beartán Scoileanna CPP**

Tá ceithre iar-bhunscoil ann sa Cheathrú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad lonnaithe ar an Tulach, Co. an Chláir; i Sciobairín, Co. Chorcaí; i nDún Dealgan, Co. Lú; agus i gCarraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann. Ba i mí na Nollag 2014 a síníodh an conradh le BAM PPP chun ceithre iar-bhunscoil a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Tháinig na scoileanna sin i mbun feidhme idir mí an Mhárta agus mí na Bealtaine 2016.

**An Cúigiú Beartán Scoileanna CPP**

Tá ceithre iar-bhunscoil, bunscoil amháin agus coláiste breisoideachais amháin ann i dtionscadal an Cúigiú Beartán CPP. Tá siad lonnaithe i gCeatharlach (scoil amháin agus institiúid breisoideachais amháin); i gCeanannas, Co. na Mí; i mBré, Co. Chill Mhantáin (dhá scoil); agus i Loch Garman. Ba i mí Iúil 2016 a síníodh an conradh le Inspired Spaces Bundle 5 (Ireland) Ltd. chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. Cuireadh tús leis an tseirbhís in dhá scoil i mBré agus i gceann amháin i Loch Garman sa bhliain 2018. Cuireadh tús leis an tseirbhís sa scoil i gCeanannas i mí an Mheithimh 2019 agus cuireadh tús leis an tseirbhís sa scoil eile a bhí fágtha agus san institiúid breisoideachais i gCeatharlach i mí Iúil agus i mí Lúnasa 2019 faoi seach.

## Aguisín C Maoiniú díreach ó Vóta 26 do bhoird oideachais agus oiliúna (de réir fo-mhírchinn)

Liostaítear sa tábla seo a leanas an maoiniú díreach a tugadh do bhoird oideachais agus oiliúna (BOOnna) le linn na bliana 2024 de réir fo-mhírchinn, agus suimeanna comparáideacha ann don bhliain 2023.

| | | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Clár A - Oideachas chéad leibhéil, oideachas dara leibhéal agus oideachas luathbhlianta** | | | |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) múinteoirí bunscoile | 2,553 | 2,104 |
| A.4 | Tuarastail Múinteoirí Meánscoile/Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí | 4 | — |
| A.5 | Deontais do bhoird oideachais agus oiliúna i ndáil le tuarastail múinteoirí bord oideachais agus oiliúna | 869,835 | 787,496 |
| A.6 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | 70,146 | 61,572 |
| A.7 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) ball foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a áireamh) | 88,929 | 82,038 |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | 3,470 | 1,562 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) is iníoctha le boird oideachais agus oiliúna | 129,178 | 100,976 |
| A.11 | Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn san earnáil bunscoile agus san earnáil iar-bhunscoile | — | 755 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | 2,384 | 2,149 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | 5,061 | 3,739 |
| A.15 | Bonneagar bunscoile agus iar-bhunscoile | 241,823 | 212,571 |
| A.16 | Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí | 4 | — |
| **An t-iomlán a íocadh le BOOnna** | | **1,413,387** | **1,254,962** |